**Séideán Sí**
**Áiseanna ar líne**

Séideán Sí

# Eagarthóir/Comhordaitheoir

**Tá sé i gceist ag Foras na Gaeilge i gcomhar lena chomhpháirtithe, COGG, An Roinn Oideachais agus Scileanna agus CCEA, forbairt a dhéanamh ar Shéideán Sí chun áiseanna digiteacha ar líne a sholáthar don tionscadal. Mairfidh an tionscadal go dtí deireadh 2016. Cuirfear tús leis an obair go luath agus tosófar le hábhar na naíonán. Beidh ábhar breise foghlama agus ábhar nua á fhorbairt ag saineolaithe seachtracha i gcomhar le haonad ilmheán CCEA Beidh Foras na Gaeilge, tríd an nGúm, freagrach as caighdeán teanga an ábhair sin sula gcuirfear á dhigitiú é.**

Tá iarratais á lorg ó dhaoine ar spéis leo obair mar eagarthóir/chomhordaitheoir ar chuid Fhoras na Gaeilge den tionscadal seo. I measc na dtascanna a bheidh ag gabháil leis an obair beidh:

- Comhordú agus sceidealú na hoibre i gcomhar leis na comhpháirtithe agus leis na daoine seachtracha.
- Bheith freagrach as caighdeán an ábhair a dheimhniú sula gcuirfear ar aghaidh le digitiú é.
- Bheith freagrach as cúram a dhéanamh de cheisteanna cóipchirt agus cead úsáide i gcás ábhar grafach agus/nó grianghraf etc.
- Féachaint chuige go bhfuil spriocanna an phlean oibre á mbaint amach.
- Páirt a ghlacadh i gcruinnithe rialta leis na comhpháirtithe eile.
- Tuairisciú do Ghrúpa Stiúrtha an Tionscadail ar chúrsa oibre.

Níor mhór don té a rachaidh i mbun oibre na cáilíochtaí seo a leanas a bheith aige/aici:

- Bunchéim onóracha sa Ghaeilge, nó a hiontamhail, ó institiúid oideachais aitheanta tríú leibhéal.
- Ardchaighdeán Gaeilge, idir scríofa agus labhartha, lena n-áirítear ardtuiscint agus mioneolas ar ghramadach na Nua-Ghaeilge agus ar an gCaighdeán Oifigiúil.
- Taithí eagarthóireachta.
- Tuiscint mhaith ar phríomhchanúintí na Gaeilge.
- Ardscileanna cumarsáide, idir labhartha agus scríofa, agus ardscileanna idirphearsanta.
- Taithí ar chaidreamh éifeachtach a dhéanamh le daoine.
- Scileanna maithe ríomhaireachta agus teicneolaíocht faisnéise.

Obair 2-3 lá sa tseachtain a bheidh i gceist agus is ar conradh féinfhostaithe a bheidh an té a cheapfar ag obair. Ráta íocaíochta *prota rata* bunaithe ar €48,000 sa bhliain an táille a íocfar.

Daoine ar spéis leo bheith san áireamh don obair seo cuiridís **litir iarratais móide CV** chuig:
Poist, Foras na Gaeilge, 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2
**R-phost:** poist@forasnagaeilge.ie

***Níor mhór iarratais a chur isteach roimh 5.00 p.m. ar an 25 Aibreán 2014.***

AN GÚM

Foras na Gaeilge